

# **Bord na Leabhar Gaeilge**

**Tuarascáil Bhliantúil 2007**

# Clár

1. Ráiteas Misin an Bhoird	3
2. Réamhrá an Chathaoirligh	3
3. Baill an Bhoird	5
4. Cúrsaí Foirne	6
5. Ciste	6
6. Scéimeanna agus Feachtais an Bhoird	6
7. Scéim na Foilsitheoireachta agus Leabhair 2007	7
8. An Coiste Litríochta agus na Scéimeanna Scríbhneoireachta	13
9. Scéimeanna Scoileanna an Bhoird	13
10. Oireachtas na Gaeilge	14
11. Fo-choiste na hIniúcháireachta	16
12. ILÉ - Idirmhalartán Litríocht Éireann	16
13. Cúrsaí Margaíochta	17
14. Buíochas	17

Aguisín: Ráitis Airgeadais Bhord na Leabhar Gaeilge

# **Bord na Leabhar Gaeilge**

## **Tuarascáil Bhliantúil 2007**

### **1 Ráiteas Misin an Bhoird**

Scríbhneoireacht, Foilsitheoireacht, agus Léitheoireacht na Gaeilge a Chothú

Tugann an Bord a aghaidh ar an misean seo go príomha le maoiniú ar scéimeanna tacaíochta do chomhlachtaí foilsitheoireachta agus do na scríbhneoirí a fhreastalaíonn ar riachtanais léitheoirí na Gaeilge. Tugann an Bord cabhair do scoileanna agus leabharlanna chomh maith; maoiníonn sé duaiseanna liteartha; agus is air atá cúram margaíochta na leabhar as Gaeilge seachas an dáileachán.

### **2 Réamhrá an Chathaoirligh**

Bhí bliain chinniúnach i ndán do Bhord na Leabhar Gaeilge sa bhliain 2007, cé nár thuigear féin é sin i gceart nuair a tháingamar le chéile don chéad chruinniú i mí Eanáir.

Bhí an bhliain ar fad an-ghnóthach le feidhmiú ghnáthscéimeanna an Bhoird, ina measc, Scéim na Foilsitheoireachta, Scéimeanna na Scríbhneoireachta, maoiniú i gcomhair dhuaiseanna liteartha an Oireachtais, maoiniú i gcomhair Idirmhalartán Litríocht Éireann, agus mar sin de. Leanamar orainn chomh maith leis an dea-obair a bhí tosaithe le cúpla bliain anuas againn i gcúrsaí margaíochta agus sna scéimeanna nua, Scéim na bhFíorleabhar agus an Scéim Scríobh Leabhar.

Ag leanúint orainn faoi bhráid an tsainordaithe a thug an tAire dúinn i dtosach 2005, rinne an Bord obair fhorbartha ar chuid de na scéimeanna seo chomh maith. Leanamar orainn leis na leasuithe a bhí á bhforbairt againn i Scéim na Foilsitheoireachta. Le cabhair ó chomhairleoir proifisiúnta, socraíodh rátaí caighdeánach a bhí ag teacht le rátaí an tionscail go ginearálta i gcomhair costaisí táirgeachta na leabhar. Obair ollmhór ab ea é seo, agus tá súil ag an mBord go mbeidh toradh air i bpleanáil obair na bhfoilsitheoirí, agus go mbeidh cabhair ann nuair a bheifear ag socrú na ndeontas dóibh. Maidir le Scéim na bhFíorleabhar, díriodh ar Ghaelscoileanna í i mbliana; de réir phlean an Bhoird, is ar scoileanna Béarla a dhíreofar an scéim an bhliain seo chugainn. Is ar bhonn píolótach a reáchtáladh an scéim Scríobh Leabhar sa bhliain 2006, agus ón uair gur éirigh chomh maith sin leis, bheartaigh an Bord é a

leathnú amach i mbliana, sa tslí is go raibh seacht nIonad Oideachais páirteach i mbliana ann. Ar deireadh, rinne an Bord forbairt chomh maith ar dhuaiseanna móra na bliana, Gradam Uí Shúilleabháin (Leabhar na Bliana), le ciste €15,000 don bhuaiteoir, agus Gradam Réics Carló (Leabhar na Bliana do Dhaoine Óga), le ciste €10,000 don bhuaiteoir. Is duaiseanna substaintiúla dealraitheacha iad sin, agus tá súil ag an mBord go dtabharfaidh a leithéid de dhuaiseanna an t-aitheantas cuí d'obair iontach na n-údar agus na bhfoilsitheoirí, agus go gcabhróidh sé leo ina n-iarrachtaí chun cur le díolachán na leabhar.

Lean an Bord air chomh maith i rith na bliana ag cur le hobair na margaióchta go ginearálta. Ghlacamar páirt arís san fheachtas *Leabhar Power* le linn Sheachtain na Gaeilge. D'fhostaigh an Bord cúpla comhlacht príobháideach ar bhonn conartha chun poiblíocht a bhaint amach do chuid dá scéimeanna; tá a thuilleadh eolais mar gheall air sin sa tuairisc anseo thíos. Ach is é an obair is tábhachtaí ó thaobh na margaióchta de ná an suirbhé mór a choimisiúnaigh an Bord le linn 2006 maidir le Dearcadh agus Tuairimí an phobail i dtaobh Mhargadh na Leabhar Gaeilge Neamhoideachasúil. Críochnaíodh an staidéar seo le linn 2007, agus foilsíodh an tuairisc ag deireadh na bliana. Tá eolas substaintiúil ann a rachaidh go mór chun tairbhe na pleanála do na páirtithe san earnáil, go háirithe do na foilsitheoirí.

Bhain athruithe móra leis an bhFeidhmeannas i rith na bliana chomh maith. I dtosach na bliana, tháinig deireadh le tréimhse fostaíochta an Stiúrthóra, Gearóid de Grás. Ceapadh Riarthóir na hOifige, Aedín Ní Bhroin, go sealadach sa phost, agus fógraíodh go poiblí é. Mar thoradh ar chomórtas oscailte, ceapadh go buan sa phost í, agus bhí an Bord an-sásta go deo lena cuid oibre, le linn di a bheith sa phost go sealadach agus tar éis di a bheith ceaptha go buan. Bhí post an Riarthóra le fógairt ag an mBord ansin, dar ndóigh, agus líonadh é de thoradh comórtas oscailte eile. Ar deireadh, ceapadh aon duine amháin go lán-aimseartha i bpost an Chúntóra, post a bhí á roinnt ag beirt go dtí sin. Tá a thuilleadh eolais ar na hathruithe suaithinseacha seo sa tuairisc seo thíos.

Ar deireadh, tháinig athrú an-chinniúnach ar an mBord nuair a d'fhógair Aire na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i mí Deireadh Fómhair go raibh deireadh á chur leis an mBord, agus go raibh a chuid feidhmeanna á n-aistriú go Foras na Gaeilge. Bhí Bord na Leabhar Gaeilge ann ón mbliain 1952 i leith, agus is liosta le háireamh iad na daoine a bhí ag feidhmiú air ó shin, ag obair go fial flaithiúil chun féachaint chuige go mbeadh scríbhneoireacht, foilsitheoireacht, agus léitheoireacht na Gaeilge ar siúl mar ba chóir. Mar Chathaoirleach ag

deireadh ré an Bhoird, ba mhaith liom an t-aitheantas cuí a thabhairt dóibh go léir: táim féin fíor-bhuíoch dóibh, agus tá léitheoirí na teanga trí chéile faoi chomaoin acu. Is athrú uaigneach é seo dúinn-ne go léir a bhí páirteach sa Bhord le himeacht na mblianta. Ach is fearr súil romhat ná dhá shúil i do dhiaidh. Guímid gach rath ar scríbhneoirí agus ar fhoilsitheoirí na Gaeilge agus iad ag leanúint orthu i mbun na hoibre, agus guíonn an Bord go foirmeálta gach rath ar an bhForas agus iad ag glacadh le ról seo na tacaíochta. Tá buíochas ar leith i mo chroí do na baill go léir a bhí ag obair ar an mBord i mo theannta féin le trí bliana anuas. Táim fíor-bhuíoch do bhaill an Fheidhmeannais as a gcomhoibriú, go háirithe le linn tréimhsí suaite athraitheacha. Ar deireadh, dar ndóigh, tá an Bord buíoch don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as an maoiniú a chur ar fáil dúinn le blianta anuas.

Maitias Mac Cárthaigh  
Cathaoirleach

### **3 Baill an Bhoird**

Dhá bhall déag a bhí ar Bhord na Leabhar Gaeilge ag tús na bliana. Bhí dhá chruinniú dhéag ag an mBord sa bhliain 2007.

Is iad seo a leanas baill an Bhoird ag deireadh 2007:

Maitias Mac Cárthaigh (Cathaoirleach)	Irial Mac Murchú
Geartrúd Mhic Con Iomaire	Caitriona Ní Fhiannachta
Róisín Ní Mhianáin	Pól Ó Goill
Éamonn Ó hÓgáin	Seosamh Ó Murchú
Pádraic Ó Neachtain	Noreen D'Arcy
Nóirín Rafferty	Des Kenny

Ar 26 Deireadh Fómhair 2007, d'fhógair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta go raibh feidhmeanna Bhord na Leabhar Gaeilge le haistriú go Foras na Gaeilge ag deireadh thréimhse an Bhoird reatha seo, is é sin ó 1 Eanáir 2008.

## **4. Cúrsaí Foirne**

Bhí athruithe foirne agus cúrsaí fostaíochta mar théama ag formhór na gcrúinnithe Boird i 2007. Thosaigh Anna Ní Bhroin mar Speisialtóir Forbartha agus Margaíochta Bhord na Leabhar Gaeilge i mí Aibreáin 2007. Chuir sí in iúl don Bhord ag tús mí Iúil áfach nach raibh sí ábalta leanúint uirthi.

Fógraíodh post mar Stiúrthóir Bhord na Leabhar Gaeilge i mí na Bealtaine 2007 agus mar thoradh ar an gcomórtas oscailte sin, ceapadh Aedín Ní Bhroin sa phost. Fógraíodh post mar Riarthóir Oifige i mí Mheán Fómhair 2007 agus mar thoradh ar an gcomórtas oscailte sin, ceapadh Caitlín Uí Mhéalóid sa phost. Ghlac Máire Uí Fhaogháin le huaireanta an chloig lánaimseartha ina post mar Chúntóir Oifige.

Is iad seo a leanas foireann na hoifige ag deireadh 2007:

Aedín Ní Bhroin	Stiúrthóir
Caitlín Uí Mhéalóid	Riarthóir Oifige
Máire Uí Fhaogháin	Cúntóir Oifige

Is iad seo a leanas baill an Choiste Forbartha agus Athstruchtúrtha:

Róisín Ní Mhianáin  
Pádraic Ó Neachtain  
Nóirín Rafferty

## **5. Ciste**

Chuir an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ciste de €1,253,000 ar fáil don Bhord i mbliana ó Chiste na Gaeilge a mhaoiníonn An Crannchur Náisiúnta. Bhí go leor teagmhálacha leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le cúrsaí buiséid i mbliana agus bhí cruinniú ag ionadaí ón mBord leis an Aire agus oifigeach de chuid na Roinne i mí Aibreáin. Cuireadh €566,000 breise ar fáil don Bhord i mí Dheireadh Fómhair.

## **6. Scéimeanna agus Feachtais an Bhoird**

Lean an t-éileamh ar scéimeanna an Bhoird. Tugadh tacaíocht don Fhéile Litríochta IMRAM, do Chomórtas Léirmheastóireachta a bhí á réachtáil ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne, agus do chomórtas litríochta Réalt Uladh. Rinne Coláiste Eoin agus An Cumann Éigse agus Seanchais, OÉ

Gaillimh athiarratas ar an maoniú a bhí ceadaithe dóibh d'irisí i 2006 agus ceadaíodh na hathiarratais sin. Lean an Bord ar aghaidh lena chúram margaíochta freisin. Tá cur síos anseo thíos ar thorthaí scéimeanna agus fheachtais an Bhoird.

## **7. Scéim na Foilsitheoireachta agus Leabhair 2007**

Bunaíodh Coiste Foilsitheoireachta i mbliana chun na hiarratais ar Scéim na Foilsitheoireachta a mheas agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird ina leith. Is iad seo a leanas baill an Choiste sin:

Des Kenny

Éamonn Ó hÓgáin

Seosamh Ó Murchú

Róisín Ní Mhianáin

Rinneadh go leor oibre i mbliana maidir le rátaí de réir chaighdeán tionscal a shocrú i leith chostais táirgeachta na leabhar agus chuaigh an Bord i gcomhairle le sainchomhairleoir proifisiúnta faoi seo. Rinneadh go leor plé ar na rátaí seo i gcaitheamh na bliana agus ar Scéim na Foilsitheoireachta go ginearálta.

Thug an Bord cúnamh maoinithe do na foilseacháin seo a leanas le linn 2007. Bhí raon leathan leabhar i gceist ó thaobh ábhar agus lucht spéise de.

### **Teideal**

### **Údar/Aistr./Eag.**

#### **An Clóchomhar**

Béarla sa Ghaeilge

Beathaisnéis a Naoi

Liam Mac Mathúna

Diarmuid Breathnach & Máire Ní Mhurchú

#### **An Sagart**

Tobar an Dúchais

Pádraig Ó Héalaí & Lochlainn Ó Tuairisg (eag.)

Leabhar Mhaidhc Dháith

Máirtín Verling (eag.)

Saothar Mháirtín Uí Chadhain

Máire Ní Annracháin (eag.)

LCC XXXVII

Irisleabhar Mhá Nuad

Pádraig Ó Fiannachta (eag.)

Screadfaidh na Clocha Amach

Micheál de Liostún

## **An tSnáthaid Mhór**

Gaiscíoch na Beilte Uaine

Caitríona Nic Sheáin agus Andrew  
Whitson

### **Coiscéim**

Grá mo Chroí, mo Vailintín

An Tairiscint

Teachtaireacht Téasca

An Guth 4

An Bhanríon Bess agus Gusaí

Gaimbín

Manuil de Litríocht na Gaeilge

(Faisicil 3)

Dialann Anama

Aibhléis

Seán Ruiséal agus Iníon an Oileáin

Breandán Ó Doibhlin – Saol agus

Saothar

‘Rhetoric of Beauty’ An Slabhra  
gan Bhriseadh

Ó Cadhain i dTír Chonail

Díoltas Millteach Scoir

Bás is Beatha ar an Bhóthar

Chreagach

An Teorainn Bheo

An Réabhlóid mar Ghníomh Dínite

An Tionscadal

An bhfaca éinne agaibh Roy

Keane? (athchló)

Focal sa Chúirt (athchló)

Tuairiscíonn Krishnamurphy ó

Bhagdad

Imirce na nIarlaí

Éire agus an Eite Chlé

Traigéide Mhic Bheatha

An tAthrú Mór

Réabhlóid Phádraic Uí Chonaire

Breac-A’-Mhuilteín

Sin Iad na Rudaí (athchló)

Mícheál Ó Ruairc

Proinsias Mac a’ Bhaird

Declan Collinge

Rody Gorman (eag.)

Biddy Jenkinson agus Ríbó

Breandán Ó Doibhlin

Gabriel Rosenstock

Mícheál Ó Bréartúin

Seán O Connor

Ailbhe Ó Corráin

Tom Hodgins

Pádraig Ó Baoighill (eag.)

Colm Mac Confhaola

Gabhán Ó Fachtna

Ceaití Ní Bheildiúin

Alan Titley

Tomás Mac Síomóin

Mícheál Ó Ruairc

Leachlain S. Ó Catháin

Gabriel Rosenstock

Marcas Ó Murchú

Risteárd Ó Glaisne

S. Labhrás Ó

Súilleabháin(aistr.)/Nicholas

Williams (eag.)

Aindrias Ó Cathasaigh (eag.)

Aindrias Ó Cathasaigh

Maoilios Caimbeul

Máirín Ní Laoithe Uí Shé

Faoin Bhratach Dhearg  
An Liú sa Chuan  
An Túr Solais (athchló)  
200+ Tréanna  
Carraig an Bháis  
An Dorn Iata  
Manuail de Litríocht na Gaeilge  
Faisicil 1 (eagrán nua)  
Odaisé Ghael-Mheiriceánach  
Fearann Pinn (athchló)  
An Deamhan  
An Gósthfhear/ The Ghost Man (2ú eagrán)  
Na Seolta Bána  
Na Déithe Bréige  
Seán Óg Máirtín  
Dréachta Chrích Fódla  
Céal agus an Buachaill Gorm  
Mórbhealaí agus Cúlbealaí  
Dúirt Bean Liom  
500 Beannacht (3ú cló)  
Cathracha  
Fothair na Manach (eagrán nua)  
Paella is Pimientos  
Colomba  
An Blas Muimhneach  
Ceart nó Mícheart  
Éan Corr

### **Comhar Teo**

Gaeilge agus Grá  
Pónairí ar Thósta  
Ríomh-Scéalta Chuig Bilí  
Croí na Ceiste  
Seal sa Pholainn

### **Foilseacháin Ábhar Spioradálta**

Éadáil Ní Choinn  
Paidrín Scrioptúir  
Fáithe an Fichiú hAois  
Ceiliúradh

Aindrias Ó Cathasaigh  
Áine Uí Fhoghlú  
Ríona Nic Congáil  
Breandán 'ac Gearailt  
Colm Ó Ceallaigh  
Diarmuid Ó Gráinne  
Breandán Ó Doibhlin  
  
Ciarán Ó Coigligh  
Gréagóir Ó Dúill  
Anraí Mac an Ultaigh  
Gabriel Rosenstock / Paddy Bushe

Michael Mullen  
Pádraig Ó Gallachóir  
Maidhc Dainín Ó Sé  
Pádraig Ó Cíobháin  
Colm Ó Snodaigh (aistr)  
Fergus Ó hÍr  
Máire Ní Néill  
Breandán 'ac Gearailt  
Eoghan Ó Néill  
Caoimhín Ó Cinnéide  
Pádraig G Ó Laighin  
Nicholas Williams (eag.)  
Breandán 'ac Gearailt  
Liam Mac Peaircín (eag.)  
Frainc Ó Murchadha

Alan Desmond  
Mícheál Ó Ruairc  
Liam Mac Uistín  
Pól Ó Muirí  
Alan Desmond

Séamas S. de Vál  
An tAth. A. Mac Giolla Chomhaill  
Séamus Ware  
Éilís Ní Thiarnaigh (eag.)

### **Leabhar Breac**

An Braon Aníos  
Fontenoy (eagrán nua, clúdach bog)  
Hula Hul  
Puisín  
  
An Cléireach

Darach Ó Scolaí  
Liam Mac Cól

Seán Mac Mathúna  
Sadhb Nic Fhionnbhairr/Laura de Búrca  
Darach Ó Scolaí

### **Cois Life**

Aistrigh Leat  
An Bóthar go Santiago  
Madra Meabhrach  
Sanas  
Cnoc na Lobhar  
Hurlamaboc (athchló)  
500 Seanfhocal  
Cúpla Focal  
Úlla (athchló)  
Éile Rua, An Chéad Seilchí  
Ar an Taifead  
Fuadach (2ú cló)

Maolmhaodhóg Ó Ruairc  
Mícheál de Barra  
Áine Ní Ghlinn  
Liam Ó Muirthile  
Lorcán S. Ó Treasaigh  
Éilís Ní Dhuibhne  
Donla Uí Bhraonáin (eag.)  
Anna Heussaff  
Seán Mac Mathúna  
Gabrielle Ní Mheachair  
Breandán Delap  
Áine Ní Ghlinn

### **Cló Iar-Chonnachta**

Dialann Chaoimhe (athchló)  
Jude, Gaeilgeoir Deireanach  
Charna, Incubus  
Gearrscéalta an Chéid (athchló)  
  
Rotha Mór an tSaoil (athchló)  
Ó Lúibíní Lú! (athchló)  
Rún an tSléibhe (athchló)  
'Mise an Fear Ceoil' Séamus  
Ennis – Dialann Taistil 1942-1946  
Cré na Cille (leagan drámatúil, athchló)  
Dúnmharú ar an Dart (athchló)  
Bróga Páipéir agus Stocaí Bainne  
Ramhair  
Seosamh Mac Grianna *Míreanna Saoil*  
Leabhar Gramadaí Gaeilge (5ú

Muireann Ní Bhrolcháin  
Mícheál Ó Conghaile, Breandán Ó hEaghra, Caitríona Ní Chonaola  
Gearóid Denvir & Aisling Ní Dhonnchadha  
Micí Mac Gabhann  
Caitríona Ní Mhurchú  
Seán Ua Cearnaigh  
Ríonach Uí Ógáin (eag.)  
  
Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha  
Ruaidhrí Ó Báille  
Micheál Breathnach  
  
Pól Ó Muirí  
  
Nollaig Mac Congáil

cló)	
An Fear a Phléasc (4ú cló)	Mícheál Ó Conghaile
An Síofra (2ú cló)	Liam Mac Uistín
Seosamh Ó hÉanaí: Nár fhága mé bás choíche (le CD)	Liam Mac Con Iomaire
DVD Rí an Fhocail & Ó Cadhain sa gCnocán Glas	Cartlann RTÉ
Sruth Teangacha (cló 3)	Gearóid Mac Lochlainn
Díbirt Dé	Pádraig Standún
Lá an Phaoraigh	Seán Óg agus Aoife de Paor
Ciarán Ó Fátharta – Amhráin	Síle Denvir (eag.)
Ón tSeanam Anall	Mícheál Mac Giolla Easbuic
‘Mise an Fear Ceoil’ Séamus Ennis – Dialann Taistil 1942-1946 (2ú cló)	Ríonach Uí Ógáin (eag.)
<b>Arlen House</b>	
Tattoo :Tatú	Nuala Ní Chonchúir
Swimming with Pelicans/Ag Eitilt fara Condair	Deirdre Brennan
Why Irish?	Brian Ó Conchubhair (eag.)
Drámaí Thús na hAthbheochana	Éadaoin Ní Mhuirheartaigh/Nollaig Mac Congáil (eag.)
<b>Móinín</b>	
Ár i gCor Chomrua	Ré Ó Laighléis
Bolgchaint agus scéalta eile (eagrán nua)	Ré Ó Laighléis
Fáinne Fí Fíí	Meadhbh Ní Eadhra
<b>Cló Mhaigh Eo</b>	
Rír le Ruairí	Colmán Ó Raghallaigh & Anne Marie Carroll
Cearc an Phrompa (athchló)	Colmán Ó Raghallaigh & Annie West
Ruairí sa Zú (athchló)	Colmán Ó Raghallaigh & Anne Marie Carroll
Múinteoir Molly & An Lá Spóirt	Heather Henning
Múinteoir Molly & An Rang Ealaíne	Heather Henning

An Chnámh a chaill Toby  
Cóisir sa Choill  
Tríona Ní Chinnéide & Annie West  
Eithne Ní Ghallchobhair & Olivia  
Golden  
Crúibín agus an t-Asal  
Na Cailleacha Gránna  
Liam Prút/ Bernie Prendergast  
Colmán Ó Raghallaigh/ Bernie  
Prendergast  
Strainséirí  
Colmán Ó Raghallaigh

**Dedalus**  
Bliain an Bhandé/ Year of the  
Goddess  
Gabriel Rosenstock

**Mercier Press**  
Bibeanna  
Brenda Ní Shúilleabháin (eag.)

**Futa Fata**  
Aniar  
Tadhg Mac Dhonnagáin; Ceara  
Conway; John Ryan

**Púca Press**  
Allagar na gCloch  
Domhnall Mac Síthigh &  
Dominique Lieb  
An tEachtrannach  
Dairena Ní Chinnéide/ Henriette  
Fisher/ Dominiquir Lieb

**Cló Chaisil**  
Mo Leabhairín Dánta  
Con Ó Tuama

**Sliabh an Fhiolair Teoranta**  
Inis Mhic Uibhleáin  
Mícheál Ó Dubhshláine

**Glór na nGael**  
Nodanna don Eolach  
An tAifreann Naofa  
An Bosca Beag Buí  
Eoghan Mac Cormaic  
Cumann na Sagart  
Annette Fox

MÓR-IOMLÁN 135

## **8. An Coiste Litríochta agus na Scéimeanna Scríbhneoireachta**

Fógraíodh Scéimeanna Scríbhneoireachta an Bhoird ag deireadh mhí na Samhna 2007 agus déanfar na hiarratais a mheas i ndiaidh an spriocdháta de 21 Eanáir 2008. D’eagraigh Clódhanna Teoranta agus Cló Iar-Chonnachta ceardlanna scríbhneoireachta i mbliana, le maoiniú ón mBord.

## **9. Scéimeanna scoileanna an Bhoird**

### *Scéim na bhFíorleabhar*

Leagtar béim sa Churaclam Gaeilge ar úsáid a bhaint as fíorleabhair agus neart deiseanna a chur ar fáil le go mbeadh réimse leathan leabhar á léamh ag na daltaí. Lean an Bord ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do bhunscoileanna chun cur lena stór fíorleabhar agus dhírigh siad ar Ghaelscoileanna i mbliana. Cuireadh ciste de €100,000 ar fáil do na Gaelscoileanna i mbliana. Molann an Bord go ndíreoidh an Scéim ar roinnt scoileanna Béarla sa bhliain 2008.

### *Scríobh Leabhar*

Is éard atá i gceist leis an tionscnamh seo ná go n-iarrtar ar pháistí bunscoile leabhar a scríobh, rud a thugann an deis dóibh taithí a fháil ar an gcruthaitheacht, ar na scileanna agus, ar ndóigh, ar an spraoi, a bhaineann lena leabhair féin a scríobh agus a fhoilsiú. Bhí tús curtha leis an scéim seo sa bhliain 2006 i dtrí Ionad Oideachais, Ionad Oideachais na Gaillimhe, Dhún na nGall agus na Carraige Duibhe. Eagraíodh ócáid faoi leith do gach Ionad Oideachas agus bronnadh duaiseanna ar chuid de na páistí a ghlac páirt sa tionscnamh ag na hócáidí sin. D’éirigh thar barr leis an scéim agus scríobhadh 1,198 leabhar as Gaeilge ar fad faoin scéim seo. Aontaíodh leanúint ar aghaidh leis an scéim sa scoilbhliain 2007/2008 agus é a leathnú amach. Tá Ionad Oideachais Chorcaí, Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí, Ionad Oideachais na hUaimhe agus Ionad Oideachais Thrá Lí ag glacadh páirte sa scéim don bhliain 2007/2008 chomh maith leis na trí Ionad Oideachas a bhí páirteach cheana. Beidh ócáidí faoi leith ar siúl sna hionaid seo an bhliain seo chugainn. Foilsíodh dlúthdhiosca de chuid de na scéalta a scríobhadh faoin scéim i mí Mheán Fómhair 2007 agus bronnadh cóip den dlúthdhiosca sin ar gach bunscoil sa stát.

Is comhpháirtíocht í an scéim seo idir Bord na Leabhar Gaeilge agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG).

## 10. Oireachtas na Gaeilge

Bhí cruinniú athbhreithnithe ag ionadaí ó Bhord na Leabhar Gaeilge le hionadaí ó Oireachtas na Gaeilge go luath sa bhliain agus pléadh cúrsaí poiblíochta ag an gcruinniú sin go príomha chomh maith le Comórtais Liteartha an Oireachtais go ginearálta.

### *Leabhar na Bliana*

Reáchtáladh Gradaim Leabhar na Bliana arís i mbliana i gcomhar le hOireachtas na Gaeilge. Roghnaíodh ‘Gradam Réics Carló’ mar ainm ar an gcomórtas do dhaoine óga. Mar a bhí amhlaidh i 2006, cuireadh €15,000 ar fáil do leabhar na bliana do dhaoine fásta, is é sin Gradam Uí Shúilleabháin (€10,000 don fhoilsitheoir agus €5,000 don scríbhneoir) agus €10,000 ar fáil do leabhar na bliana do dhaoine óga, is é sin Gradam Réics Carló (€7,000 don fhoilsitheoir agus €3,000 don scríbhneoir). Bunaíodh Coiste Roghnaithe chun na leabhair ar fad a mheas. Fógraíodh gearrliosta do Leabhar na Bliana ag ócáid faoi leith i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2007. Is iad seo a leanas na leabhair ar éirigh leo gearrliosta Leabhar na Bliana a bhaint amach:

#### Gradam Uí Shúilleabháin - Gearrliosta

- *Sanas* le Liam Ó Muirthile, foilsithe ag Cois Life.
- *An Bóthar go Santiago* le Mícheál de Barra, foilsithe ag Cois Life.
- *Aiséirí/Requiem* le hEoin Mac Lochlainn agus Ciarán Ó Coigligh, foilsithe ag Cló Chaisil.
- *Mise an Fear Ceoil. Séamus Ennis – Dialann Taistil 1942-1946*, Eagarthóir, Ríonach Uí Ógáin, foilsithe ag Cló Iar-Chonnachta.
- *Gearrscéalta Ár Linne*, Eagarthóir, Brian Ó Conchubhair, foilsithe ag Cló Iar-Chonnachta.

#### Gradam Réics Carló - Gearrliosta

- *An Bhanríon Bess agus Gusaí Gaimbín* le Bidy Jenkinson agus Ríbó, foilsithe ag Coiscéim.
- *Ag Taisteal le Tarlach sa tSeapáin* le Laoise Ní Chomhraí, foilsithe ag An Gúm.
- *Buaic* le Dermot Somers, foilsithe ag Cois Life.
- *Gaiscíoch na Beilte Uaine* le Caitríona Nic Sheáin agus Andrew Whitson, foilsithe ag An tSnáthaid Mhór.

Bronnadh na duaiseanna ar 2 Samhain 2007 le linn Oireachtas na Samhna i gCathair na Mart. Is iad seo a leanas na buaiteoirí:

### Gradam Uí Shúilleabháin

Mise an Fear Ceoil. Séamus Ennis – Dialann Taistil 1942-1946,

*Foilsitheoir:* Cló Iar-Chonnachta

*Eagarthóir:* Ríonach Uí Ógáin

### Gradam Réics Carló

Gaiscíoch na Beilte Uaine

*Foilsitheoir:* An tSnáthaid Mhór

*Scríbhneoir:* Caitríona Nic Sheáin

*Dearthóir:* Andrew Whitson

### ***Comórtais Liteartha an Oireachtais***

Chuir an Bord €22,400 ar fáil do Chomórtais Liteartha an Oireachtais dírithe ar na ranna seo:-

Úrscéal - Ficsean Éadrom.

Ficsean do Dhaoine Óga 9/10-12mbl.

Ficsean do Dhaoine Óga 13-15mbl.

Ábhar Léitheoireachta don Fhoghlaimoir Fásta.

Prós Cruthaitheach.

Is í aidhm an duaischiste ná údair a spreagadh le hábhar a chur ar fáil sna réimsí liteartha thuasluaite. Is iad seo a leanas na buaiteoirí sna ranna éagsúla:

### Úrscéal - Ficsean Éadrom

Duais roinnte idir Maidhc Dainín Ó Sé don saothar ‘Seán Óg Máirtín’ agus Pádraig Standún don saothar ‘Díbert Dé’.

### Ficsean do Dhaoine Óga (9/10-12)

An Chéad Duais: Darach Ó Scolaí don saothar ‘An Ollphéist’

An Dara Duais: Orna Ní Choileáin don saothar ‘Cú Chulainn’

### Ficsean do Dhaoine Óga (13-15)

Duais roinnte idir Brian Ó Baoill don saothar ‘Caisleán Dhraiciúla’ agus Tracey Uí Scolaíche don saothar ‘Siúlóid Sráide’.

### Ábhar Léitheoireachta don Fhoghlaimoir Fásta

An Chéad Duais: Éamonn Ó Loinsigh don saothar ‘Na Comharsana Nua’

An Dara Duais: Alan Desmond don saothar ‘Gaeilge agus Grá’

Prós Cruthaitheach - Cnuasach Gearrscéalta nó Úrscéal Gairid don scríbhneoir nár foilsíodh aon leabhar próis Gaeilge leis/léi cheana Orna Ní Choileáin don saothar ‘Easpónant Alfa’.

## **11. Fo-choiste na hIniúcháireachta**

Lean Fo-choiste na hIniúcháireachta orthu ag feidhmiú le linn na bliana 2007. Chuir siad moltaí faoi bhráid cruinniú de Bhord na Leabhar Gaeilge ar 26 Márta 2007. Chuir siad a thuilleadh moltaí faoi bhráid cruinnithe eile den Bhoird i gcaitheamh na bliana 2007 maidir le cúrsaí buiséid. Tháinig siad le chéile uair sa ráithe chun Ráitis Airgeadais na ráithe sin a phlé. Tionóladh cruinniú faoi leith de Bhord na Leabhar Gaeilge ar 11 Nollaig 2007 chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht chórais rialaithe airgeadais Bhord na Leabhar Gaeilge agus rinne Irial Mac Murchú cur i láthair thar ceann Fo-choiste na hIniúcháireachta ag an gcruinniú sin. Is iad seo a leanas baill Fho-choiste na hIniúcháireachta ag deireadh 2007:

Irial Mac Murchú (Cathaoirleach)

Pol Ó Goill

Christy King (ball seachtrach)

## **12. ILÉ – Idirmhalartán Litríocht Éireann**

Tá an Bord ar cheann de chomh-mhaoinitheoirí ILÉ i gcomhar le roinnt foras litríochta/cultúrtha in Éirinn. Bunaíodh ILÉ i 1993 agus chuaigh an áisíneacht i mbun gníomhaíochtaí an bhliain dar gcionn. Is í príomhaidhm ILÉ litríocht na hÉireann idir Ghaeilge agus Bhéarla a chur chun cinn go hidirnáisiúnta. Feidhmíonn ILÉ go príomha trí dheontas aistriúcháin a bhronnadh ar fhoilsitheoirí idirnáisiúnta. Is é Seosamh Ó Murchú a bhí ar bhord stiúrtha ILÉ thar ceann an Bhoird i mbliana. Chuir an Bord €35,000 ar fáil d'ILÉ i mbliana agus aistríodh ceithre shaothar Gaeilge:

- Cnuasach scríbhneoireachta na Gaeilge sa Slovéinís. Villenica. (Gaeilge go Slovéinís)
- Korunk Literary Journal, Eagraín Speisialta. (Gaeilge agus Béarla go Ungáiris)
- Innostranaya Litteratura, Dráma le Alan Titley. (Gaeilge go Rúisis)
- Anthology of Contemporary Irish Poetry. Drustvo Apokalipsa, Ljubiana (Gaeilge agus Béarla go Slovéinís)

Aistríodh an saothar seo a leanas ón nGearmáinís go Gaeilge

- Kunert, Gunther, *Der Alte Mann*.

### **13. Cúrsaí Margaíochta**

Lean Bord na Leabhar Gaeilge ar aghaidh le cúrsaí margaíochta i mbliana. Thug an Bord cúnaimh do na foilsitheoirí a bpleananna margaíochta a chur i gcrích. Ghlac an Bord páirt arís i bhfeachtas poiblíochta Leabhar Power 2007 i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, ÁIS, Foras na Gaeilge agus CLÉ. Reáchtáiltear an feachtas seo le linn Sheachtain na Gaeilge chun poiblíocht a chothú do leabhair Ghaeilge. Chuir an Bord maoiniú ar fáil do shraith fógraí raidió le linn an fheachtais seo.

Earcaíodh Kate Bowe PR chun poiblíocht a dhéanamh ar ócáidí ‘Scríobh Leabhar’ agus an dlúthdhiosca a foilsíodh ina leith. Earcaíodh Beyond the Pale PR chun poiblíocht a dhéanamh ar Leabhar na Bliana 2007.

Rinne an comhlacht seo poiblíocht ar thaighde margaíochta an Bhoird freisin. Is iad an Michael Smurfit Business School, COBÁC a rinne an taighde a bhí coimisiúnaithe ag Bord na Leabhar Gaeilge i 2006. Dhírigh an taighde ar réimse leathan ábhar a bhaineann le foilsitheoireacht na Gaeilge, ar nós nósanna léitheoireachta phobal na Gaeilge (i mBéarla agus i nGaeilge), a nósanna ceannacháin leabhar agus na réimsí leabhar is mian le Gaeilgeoirí a bheadh ar fáil i nGaeilge. Foilsíodh an taighde seo i mí na Nollaig 2007 agus tá súil ag an mBord go mbeidh sé mar chabhair d’fhoilsitheoirí agus eile amach anseo. Tá cóip den taighde seo ar fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an oifig.

Ba iad an ceathrar seo a leanas a d’fheidhmigh ar an gCoiste Margaíochta i mbliana:

Pádraic Ó Neachtain

Róisín Ní Mhianáin

Geartrúd Mhic Con Iomaire

Noreen D’Arcy

### **14. Buíochas**

Gabhann an Bord buíochas leosan a chuidigh leis an mBord i rith na bliana, go háirithe, Máire Ní Rianaigh, Christy King agus Séamus Cashman a roinn a gcuid saineolais agus comhairle linn go fial. Gabhann an Bord buíochas leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne a thug gach cabhair agus tacaíocht d’obair an Bhoird. Gabhann an Bord buíochas leis an gCrannchur Náisiúnta a chuireann maoiniú ar fáil dó.

-----

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**

**RÁITIS AIRGEADAIS**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007**

## **BORD NA LEABHAR GAEILGE**

<b><u>Clár</u></b>	<b><u>Leathanach</u></b>
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	4
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	5-6
Polasaithe Cuntasaíochta	7
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	8
Clár Comhardaithe	9
Nótaí ar na Cuntais	10-12

## **BORD NA LEABHAR GAEILGE**

### **BLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007**

#### **RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD**

Bhí an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Bhí iallach ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí an Bhoird agus ar fharasbarr nó ar easnamh an Bhoird don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ba ghá don Bhord:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhí réasúnta agus stuama,
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta chuí, faoi réir aon eisceachtaí ábharthacha a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais.

Bhí an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léirigh le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag am ar bith. Bhí siad freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

*Maitias Mac Cárthaigh*  
**Cathaoirleach**

*Seosamh Ó Murchú*  
**Comhalta Boird**

## **BORD NA LEABHAR GAEILGE**

### **RÁITEAS RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH**

Thar ceann Bhord na Leabhar Gaeilge, admhaím an fhreagracht atá orainn maidir lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á oibriú agus á chothabháil.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go mbeidh cosaint ag sócmhainní, go bhfuil idirbheartaíochtaí údaraithe agus á dtaifeadh go cuí, agus go seachnaítear neamhrialtachtaí nó earráidí ábhair nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Ghlac an Bord céimeanna chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm trí na nithe seo a leanas:

- *Próiseas sainmhínte shoiléir a thosú maidir le freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta*
- *Fógairt chuí leasanna*
- *Cultúr freagrachta a fhorbairt feadh gach leibhéal de chuid na heagraíochta.*

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre um bhainistíocht rialta faisnéise, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmhligin agus cuntasáíochta. Áirítear ann ach go háirithe:

- *Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a chomhaontaíonn agus a athbhreithníonn an Bord Stiúrthóirí*
- *Athbhreithnithe rialta ag an mBord Stiúrthóirí ar thuairiscí airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí*
- *Spríocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas*

Bhí ceithre chruinniú ag an bhFo-Choiste Iniúcháireachta Inmheánach (FCI) i rith 2007 agus dhein an coiste cur i láthair foirmeálta ag cruinniú iomlán an Bhoird ar 11 Nollaig 2007. Tá téarmaí tagartha foirmeálta ag an FCI agus tá freagrachtaí air i leith athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis airgeadais agus córais rialaithe airgeadais an Bhoird.

D'ainmnigh an Bord iniúchóir inmheánach i 2007. Dhein an t-iniúchóir seo scrúduithe ar fheidhmiúcháin airgeadais an Bhoird i rith na bliana.

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeacht an chórais i 2007. Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun go mbeidh sé mar ghnás leanúint leis an athbhreithniú.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

Maitias Mac Cárthaigh

**Cathaoirleach**

Dáta: 6 Samhain 2008

## **BORD NA LEABHAR GAEILGE**

### **Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair**

#### **Thithe an Oireachtais**

Tá ráitis airgeadais Bhord na Leabhar Gaeilge don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

#### **Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach**

Tá Bord na Leabhar Gaeilge freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn Bord na Leabhar Gaeilge na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m' iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

## **An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasáochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## **Tuairim**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasáochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

*Gerard Smyth*  
**le haghaidh agus thar ceann an  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
28 Samhain 2008**

## **BORD NA LEABHAR GAEILGE**

### **POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA**

#### **DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007**

##### **Bonn an Ullmhaithe**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil. Glactar leo le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

##### **Sócmhainní Seasta**

Léirítear na sócmhainní seasta ar bhonn costais lúide dímheas carnach a áirítear ina ngálaí cothroma bliantúla thar a saolré úsáideach eacnamúil measta. Seo iad na rátaí atá in úsáid faoi láthair:

Trealamh Oifige	15%
Ríomhairí	33 1/3%
Feithicil	20%

##### **Ioncam**

Léiríonn na suimeanna a thaispeántar mar Dheontas ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Cuntas Chiste na Gaeilge maoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) na fíorfháiltais airgid thirim i gcaitheamh na bliana.

##### **Deontais íoctha**

Cuirtear deontais chun dochair an chuntais ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais nuair a bhíonn coinníollacha ordaithe comhlíonta ag deontaithe.

##### **Pinsean**

Níor fheidhmigh an Bord scéim pinsin.

##### **Gnóthas Leantaigh**

Ar 26 Deireadh Fómhair 2007 cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an moladh feidhmeanna Bhord na Leabhar Gaeilge a aistriú go Foras na Gaeilge ó 1 Eanáir 2008. Ag cur san áireamh go bhfuil sócmhainní agus dliteanais agus gnóthas Bhord na Leabhar Gaeilge aistrithe go Foras na Gaeilge creidtear go bhfuil sé inghlactha na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthas leantaigh.



**BORD NA LEABHAR GAEILGE**  
**CLÁR COMHARDAITHE AG 31 NOLLAIG 2007**

	Nótaí	2007	2006
		€	€
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	4	12,035	17,430
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		2,792	6,953
Airgead sa Bhanc		6,590	-
		9,382	6,953
<b>CREIDIÚNAITHE INÍOCTHA</b>			
<b>LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN</b>	5	(14,027)	(324,694)
<b>GLAN(DLITEANAS) REATHA</b>			
		(4,645)	(317,741)
<b>GLAN SÓCMHAINNÍ/(DLITEANAS) IOMLÁNA</b>			
		7,390	(300,311)
<b>ARB IAD SEO LEANAS A bhFOINSÍ</b>			
Cuntas Caipitiúil	6	12,035	17,430
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(4,645)	(317,741)
		7,390	(300,311)

Is cuid de na ráitis airgeadais na polasaithe cuntasáochta agus nótaí 1 go 10.

*Maitias Mac Cárthaigh*  
**Cathaoirleach**

*Seosamh Ó Murchú*  
**Comhalta Boird**

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**  
**NÓTAÍ AR NA CUNTAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007**

<b>1. DEONTAIS d’FHOILSITHEOIRÍ/SCRÍBHNEOIRÍ</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>
	€	€
Ceangaltais ag 1 Eanáir	438,515	297,123
Faofa i rith na bliana	<u>1,207,568</u>	<u>1,628,617</u>
<b>Iomlán iníochta</b>	<b>1,646,083</b>	<b>1,925,730</b>
Íochta i rith na bliana	(1,440,405)	(1,492,615)
Íocaíochtaí i 2006 a raibh soláthar déanta dóibh i 2005	-	34,925
Deontas do thaighde margaíochta agus do phoiblíocht	<u>13,348</u>	<u>33,466</u>
<b>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>	<b>(1,427,057)</b>	<b>(1,424,224)</b>
Dlite ag 31 Nollaig	219,026	501,516
Lúide: Ais-scríofa i rith na bliana	<u>(19,173)</u>	<u>(63,001)</u>
<b>Ceangaltais ag 31 Nollaig</b>	<b><u>199,853</u></b>	<b><u>438,515</u></b>
	=====	=====

<b>2. CAITEACHAS AR RIARACHÁN</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>
	€	€
Tuarastail	112,671	111,877
Táillí na gComhaltaí Bord	48,061	50,117
Cíos Oifige	8,277	5,309
Solas agus Teas	3,003	2,624
Árachas	1,371	1,344
Costais Oifige	8,377	1,435
Costais Cruinnithe	4,619	6,133
Postas agus Guthán	6,306	5,399
Síntiús	350	847
Cló agus Páipéarachas	3,809	6,488
Foirm Iarratais – Leagan Leictreonach	-	4,404
Irisí agus Leabhair	1,208	1,468
Fógraíocht, Caidreamh Poiblí	20,208	15,303
Seirbhísí Poiblíochta	19,905	-
Taisteal agus Iostas	43,482	54,862
Táillí Bainc	136	308
Táille Speisialtóra	10,125	-
Táillí Iniúchóireachta	5,800	5,800
Táillí Cuntasaíochta	5,222	12,023
Táillí Gairmiúla	14,059	10,381
Oiliúint Foirne	385	3,529
Dímheas: Trealamh Oifige	2,383	3,272
Ríomhairí	4,094	5,455
Feithicil	-	5,172
Cailteanas ar dhiúscairtí	<u>2,062</u>	-
	<b>325,913</b>	<b>313,550</b>
	=====	=====

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**  
**NÓTAÍ AR NA CUNTAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007 (ar leanúint)**

<b>3. SCÉIMEANNA MARGAÍOCHTA/POIBLÍOCHTA</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>
	€	€
Taighde Margaíochta	13,348	33,466
Feachtas Fógraíochta na Nollag		
Teilifís	-	26,136
Raidió	-	<u>70,628</u>
	13,348	130,230
	=====	=====

<b>4. SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>	<b>Trealamh</b>	<b>Ríomhairí FeithicilIomlán</b>		
	<b>Oifige</b>			
<b>Costas</b>	€	€	€	€
Ag 1 Eanáir	22,952	17,587	25,857	66,396
Ceannachán (Diúscairtí)	-	3,144	-	3,144
	<u>(3,743)</u>	<u>(7,234)</u>	-	<u>(10,977)</u>
Ag 31 Nollaig	19,209	13,497	25,857	58,563
	=====	=====	=====	=====
<b>Dímheas</b>				
Ag 1 Eanáir	11,618	11,491	25,857	48,966
Muirear (Diúscairtí)	2,383	4,094	-	6,477
	<u>(2,805)</u>	<u>(6,110)</u>	-	<u>(8,915)</u>
Ag 31 Nollaig	11,196	9,475	25,857	46,528
	=====	=====	=====	=====
<b>Glanmhéid</b>				
31 Nollaig 2007	8,013	4,022	-	12,035
	=====	=====	=====	=====
31 Nollaig 2006	11,334	6,096	-	17,430
	=====	=====	=====	=====

<b>5. CREIDIÚNAITHE (iníoctha laistigh de bhliain amháin)</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>
	€	€
Creidiúnaithe ginearálta	14,027	48,139
Banc ró-tharraingthe	-	276,555
	-----	-----
	14,027	324,694
	=====	=====

**BORD NA LEABHAR GAEILGE**  
**NÓTAÍ AR NA CUNTAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007 (ar leanúint)**

<b>6. CUNTAS CAIPITIÚIL</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>
	€	€
Ag 1 Eanáir	<u>17,430</u>	<u>22,964</u>
Aistrithe (go dtí) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais –		
Sócmhainní ceannaithe	3,144	8,365
Amúchadh faoi réir dímheasa	(6,477)	(13,899)
Caillteanas ar dhiúscairtí	<u>(2,062)</u>	<u>-</u>
	<u>(5,395)</u>	<u>(5,534)</u>
Ag 31 Nollaig	12,035	17,430
	=====	=====

**7. CEANGALTAIS AIRGEADAIS**

Ar 31 Nollaig 2007 bhí ceangaltais airgeadais €199,853 ann nach raibh fós curtha chun dochair sna ráitis airgeadais i leith deontas d'fhoilsitheoirí/scribhneoirí.

**8. LEASANNA CHOMHALTAÍ AN BHOIRD**

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir Chód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit maidir le leasanna Chomhaltaí Boird a nochtadh. Cleachtadh gnó an Bhoird de réir na nósanna imeachta sin le linn na bliana. I gcás go raibh coinbhleacht leasa ann níor ghlac an comhalta cuí páirt sa phlé ná sa chinneadh.

**9. DLITEANAS TEAGMHASACH**

Tá éilimh tionscnaithe ag iarfhóstaí an Bhoird os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta ag lorg faoisimh faoi réir na nAchtanna thíosluaite:

- (i) Na hAchtanna Um Íocaíochtaí Iomarcaíocht 1967 go dtí 2003,
- (ii) Na hAchtanna Um Íos-mhéid Fógra agus Um Théarmaí Fostaíochta 1973 go dtí 2001,
- (iii) Na hAchtanna Um Bhriseadh Éagórach 1977 go dtí 2001,
- (iv) An tAcht Um Eagrú Ama Oibre 1997.

Táthar ag cosaint na n-éileamh seo.

**10. GLACADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Glacadh leis na ráitis airgeadais seo ar 6 Samhain 2008.